



An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

Preas Ráiteas Press Statement

Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2015

Tá Bliainiris Staidrimh na hÉireann 2015 á foilsiú inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO). Sa Bhliainiris cuirtear léaráid staitistiúil na hÉireann os ár gcomhair atá tiomsiathe go mór mór as sonraí a d'fhoilsigh an CSO le linn na coda ba mhó den bhliain iomlán atá thart (2014). Táirgeadh an leabhar i bhformáid leictreonach, rud a dhéanann níos idirghníomhaí é agus a thugann rochtain níos fearr ar shonraí níos mionsonraithe nuair is gá. Ba mhaith leis an CSO buíochas a ghabháil le gach duine a chuir leis an bhfoilseachán seo, go háirithe leo siúd a sholáthraigh sonraí dúinn. Tá á gcomhoibriú ríthábhachtach dár gcuid oibre.

Anseo thíos cuid de na staitisticí atá ar fáil sa Bhliainiris. Tá i bhfad níos mó san áit as a dtáinig an méid seo.

Daoine

- ◆ Reáchtáladh 392 shearmanas páirtnéireachta sibhialta in 2014, 242 díobh idir fir agus 150 díobh idir mná.
- ◆ Rugadh 3,829 bpáiste do mháithreacha a bhí idir 40 agus 44 bliana d'aois.
- ◆ De réir meastachán daonra na bliana 2015 tá beagnach dhá oiread níos mó ban (43,800) ná fear (22,200) san aoisghrúpa os cionn 85 bliain.
- ◆ Bhí méadú 33,500 duine ar líon na ndaoine i bhfostaíocht lánaimseartha in 2014 i gcomparáid le 2013.

Gnó

- ◆ Ba é 10.4% an méadú bliantúil ar líon na dteach dár deonaíodh ceadúnas pleanála ach tháinig laghdú 34.4% ar líon na n-árasán dár deonaíodh ceadúnas pleanála.
- ◆ Sa bhliain 2014 tháinig méadú 6.4% ar thoirt na ndíolachán miondíola i gcomparáid le 2013.
- ◆ Tháinig méadú 22.9% ar tháirgeadh tionsclaíoch in 2014.

Eacnamaíocht

- ◆ Tháinig méadú 6.9% ar an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) ag praghsanna tairiseacha idir 2013 agus 2014.
- ◆ Sa bhliain 2014 bhí 1.9 milliún cárta creidmheasa eisithe agus ba é €2.2 billiún na fiacha a bhí á n-iompar acu dteannta a chéile. Laghdú 8.3% é sin i gcomparáid le 2013.
- ◆ €96.9 billiún iad na fiacha a bhí ag Bainc na hÉireann ar theaghlaigh na hÉireann faoi dheireadh na bliana 2014. Laghdú 10.02% é seo i gcomparáid leis an €107.7 billiún a bhí acu orthu i ndeireadh 2013.

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh
Bóthar na Sceiche Airde
Corcaigh
T12 X00E
Éire

Oifig i mBaile Átha Cliath
+353 1 4984000

Central Statistics Office
Skehard Road
Cork
T12X00E
Ireland

Dublin Office
+353 1 4984000



LoCall 1890 313 414 (ROI)
0870 876 0256 (UK/NI)
+353 21 453 5000
+353 21 453 5555



information@csso.ie
www.csso.ie

Turasóireacht agus Taisteal

- ◆ In 2014 ghabh 26.4 milliún paisinéir trí chúig phríomhaerfort na hÉireann. Méadú 6.9% ab ea é seo thar an bhliain roimhe seo.
- ◆ Chaith cónaitheoirí na hÉireann €53.8 milliún ar thaisteal intíre chuig imeachtaí spóirt.
- ◆ Chaith cónaitheoirí na hÉireann €852 milliún ar shaoire intíre.
- ◆ Bhí ardú 29.5% ar an líon na ngluaisteán príobháideach nua a cláraíodh i gcomparáid le 2013.

Chun tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le Ken Kennedy - 021 4535036 nó seol ríomhphost chuig information@cso.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh

20 Deireadh Fómhair 2015

– CRÍOCH –